Meabhairmhapa-Coggle

Tugann an straitéis seo struchtúr do scoláirí chun achoimre a dhéanamh agus a bhfuil foghlama acu a léiriú ó amharc. Cuireann sé le cuimhne fhadtéarmach duine ar eolas fíorasach.

I ndiaidh topaic a theagasc, is féidir coggle a úsáid chun achoimre a dhéanamh ar an topaic, í a eagrú agus a shoiléiriú. Is féidir é a úsáid mar chleachtadh ransú smaointe chun réamheolas a bhunú ag tús topaice.

- Roimh an gceacht, logáil isteach ar **www.coggle.it** agus ullmhaigh meabhairmhapa simplí chun sampla a thaispeáint do na scoláirí.
- Taispeáin é don rang iomlán agus tú ag úsáid sonratheilgeora agus léirigh a chuid tréithe uile. Is féidir an físeán seo **https://goo.gl/xf8n23** a thaispeáint, a léiríonn gnéithe de coggle i nóiméad amháin.
- Tabhair na scoláirí chuig an seomra TF.
- Logálann na scoláirí uile isteach (nó i ngrúpaí de 2) tríd an mbrabhsálaí gréasáin **www.coogle.it**
- Roghnaigh plean glan.
- Cliceáil cruthaigh (léaráid phríobháideach)
- Anois tá tú i spás oibre coggle.
- Iarr ar na scoláirí meabhairmhapa a chruthú ar an topaic a roghnaíodh.
- Roghnaíonn na scoláirí roinnt ceannteideal agus cuireann siad nótaí faoi gach ceannteideal chun meabhairmhapa dá gcuid féin a chruthú.

Leideanna

- Is féidir le scoláirí a bheith ag obair ina n-aonar nó i bpéirí chun an meabhairmhapa a fhorbairt.
- Spreag na scoláirí uile chun cuntas a chruthú agus cur lena gcuid meabhairmhapaí de réir mar a théann siad chun cinn i rith na bliana.
- Nuair a bhíonn cuntas coggle ag na scoláirí, is féidir é a úsáid ina oiread ábhar agus is mian leo.
- Is féidir leis na múinteoirí breathnú ar na meabhairmhapaí le feiceáil an gá an teagasc a choigeartú (roinneann na scoláirí an coggle s'acu leis an múinteoir tríd an ngné roinnte).
- Is féidir le scoláirí a gcuid meabhairmhapaí a chur i láthair an chuid eile den rang.
- Is féidir gléasanna éagsúla a úsáid m.s. táibléad, guthán cliste srl.
- Is féidir piarmheasúnú a úsáid ina dtugann scoláirí aiseolas dá chéile ar ghnéithe atá fágtha ar lár acu nó is gá a fheabhsú ina gcuid meabhairmhapaí.

Tuilleadh Eolais
Tá tuilleadh eolais agus tacaíochta ar fáil chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm ag www.jct.ie



Príomhscileanna

- Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- Mé féin a bhainistiú
- A bheith liteartha
- A bheith cruthaitheach
- Ag obair le daoine eile

Acmhainní

- Coggle.it *(tá uirlisí eile déanta meabhairmhapa ar fáil ar líne)*
- Sonratheilgeoir
- Seomra TF/Táibléad/Guthán cliste

Leagan amach an tseomra

Má tá na scoláirí i ngrúpaí, eagraigh iad i **ngrúpaí de 2.**

Measúnú

Is féidir le múinteoirí tuiscint na scoláirí ar an topaic a mheas cén tuiscint atá ag na scoláirí ar an topaic.

Tugann piarmheasúnú agus aiseolas deis do scoláirí a gcuid meabhairmhapaí a fheabhsú

Tacú le hobair bhaile

Is féidir meabhairmhapa a úsáid mar chleachtadh sa bhaile le linn na topaice.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers